## COMHAONTÚ LEIS AN STÁDAS MUINTEARAIS IDIR CATHAIR NA GAILLIMHE (ÉIRE) AGUS THE CITY OF MILWAUKEE (S.A.M) A DHEIMHNIÚ

Ós rud é gur láinseáil an t-Uachtarán na Stát Aontaithe Mheiriceá The Sister Cities Program, atá faoi réir Sister Cities International, sa bhliain míle naoi gcéad caoga sé chun cairdeas agus comhthuiscint a threisiú idir na S.A.M. agus tíortha eile trí theaghmháil phearsanta; agus

Ós rud é go n-aontaíonn muintir Milwaukee le muintir na Gaillimhe, as cairdeas agus as deá-mhéin agus i dtaca leis na h-aidhmeanna sin, go n-oibreóidh siad le chéile chun deiseanna a fháil chun a gcomhleas a chur chun cinn trí scéimeanna oideachais, cultúrtha, agus forbartha geilleagair; agus

Ós rud é go n-aontaíonn muintir Milwaukee le muintir na Gaillimhe go dtabharfaidh siad araon spreagadh agus tacaíocht do dheiseanna le comhar practacúil a bhaineann leis an chomhleas sin ó thaobh an ghnó, an chultúir, na sláinte, an oideachais agus na turasóireachta de; agus

Ós rud é gur tugadh aitheantas oifigiúil don stádas muintearais a dtugtar sister cities relationship air idir Milwaukee agus Gaillimh trí Common Council Resolution Number 010680 ar fiche is a haon mhí na Nollag dhá mhíle a haon; agus

Ós rud é go molann The Milwaukee Sister City Committee, i ndiaidh dóibh machnamh cuí a dhéanamh ar na cáipéisí iarratais maidir le Gaillimh, go leantar leis an stádas muintearais sin; agus

Ós rud é go maireann fos ábhair chomhleasa idir Milwaukee agus Gaillimh ó thaobh an oideachais, na sláinte agus an ghnó de, agus gur mian linn araon comhthuiscint a chothu idir ár saoránaigh, Tugtar anois le fios do chách go mairfidh eatarthu an stádas muintearais a dtugtar sister cities relationship air,  ón ochtú lá deag mhí an Mhárta dhá mhíle a hocht, an dáta a chuaigh an cinneadh de The Milwaukee Common Council i bhfeidhm.

As seo, fograíonn The City of Milwaukee agus an Chathair na Gaillimhe go bhfuil eatarthu an stádas muintearais a tugtar Sister Cities air agus go bhfuil sé ar intinn acu na polasaithe de Sister Cities International a shásamh.

Saighneáilte ar an cúigiú lá deag mhí Lunasa dhá mhile a hocht, i leaganacha Bhearla agus Ghaeilge, go dúbáilte agus le h-aitheantas ar achan leagan thuasluaite.

| | |
|---|---|
| **Padráig Conneely**<br>**Ardmhaor**<br>**Chathair na Gaillimhe** | **Thomas Barrett**<br>**Ardmhaor**<br>**Milwaukee** |